# An Sprioc Náisiúnta Sóisialta do Laghdú na Bochtaineachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Faisnéisiú Polasaí maidir leis an Athbhreithnithe ar an Sprioc Náisiúnta na Bochtaineachta

# An Sprioc Náisiúnta Sóisialta do Laghdú na Bochtaineachta

arna fhoilsiú ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí,
Áras Mhic Dhiarmada,
Sráid Stórais,
Baile Átha Cliath 1

ISBN: 978-1-908109-13-2

Baile Átha Cliath Éire, Deireadh Fómhair 2012

Is é an Eolais Polasaí ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGaeilge ag www.socialinclusion.ie agus www.welfare.ie

Leagann an Eolais Polasaí amach an cinneadh an Rialtais a athbhreithniú agus a fheabhsú an sprioc náisiúnta sóisialta do laghdú na bochtaineachta, ag eascairt as an athbhreithniú ar an sprioc náisiúnta chun an bhochtaineacht.

Tá an Eolais Polasaí roinnte ina dhá chuid. Déanann Cuid 1 an sprioc athbhreithnithe sóisialta náisiúnta do laghdú na bochtaineachta. Cuireann Cuid 2 na príomhthorthaí ó thuarascáil an athbhreithnithe ar an sprioc náisiúnta chun an bhochtaineacht.

Is iad seo a leanas na doiciméid a úsáideadh chun an Mionteagasc Beartais seo a dhréachtú:

Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Bhochtaineachta Náisiúnta

Aguisín A: Comhairliú ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Bhochtaineachta Náisiúnta

Aguisín B: Tuarascáil ar Chomhairliú Poiblí ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Bhochtaineachta Náisiúnta

Aguisín C: Páipéar Teicniúil ar Tháscairí Bochtaineachta

Aguisín D: Tuarascáil Shintéiseach ar Phiara-Athbhreithniú AE ar Shocrú na Spriocanna Bochtaineachta Náisiúnta

Tá an doiciméadú tacaíochta a foilsíodh ar líne ag www.socialinclusion.ie agus www.welfare.ie

**An bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis ar deireadh, is ea ardaidhm bhunúsach shochaí na hÉireann agus tá sé geallta ag an Rialtas seo. Tar éis athbhreithniú cuimsitheach[i] a dhéanamh ar an sprioc bhochtaineachta sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*, thoiligh an Rialtas leasú agus feabhsú a dhéanamh ar an *sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta*. Sa mhionteagasc seo leagtar amach gnéithe na sprice leasaithe, an gaol idir é agus sprioc bhochtaineachta an AE, na fospriocanna nua maidir le grúpaí leochaileacha, agus na nósanna imeachta neartaithe le haghaidh monatóireacht agus measúnú.**

- ➔ ‘An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta' a thugtar anois ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta.
- ➔ Is é an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta ná bochtaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 (sprioc idirthréimhseach) agus go 2 faoin gcéad nó faoina bhun faoin mbliain 2020, ó ráta bonnlíne 6.2 faoin gcéad na bliana 2010.
- ➔ Rannchuideoidh Éire le sprioc bhochtaineachta an AE a bhaint amach trí 200,000 duine ar a laghad a ardú as baol na bochtaineachta nó an eisiaimh faoin mbliain 2020 ó bhonnlíne na bliana 2010.
- ➔ Beidh fosprioc náisiúnta nua ann maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú, chun an difríocht idir ráta na bochtaineachta leanúnaí idir leanaí agus daoine fásta a laghdú.
- ➔ Beidh fosprioc náisiúnta nua ann maidir le bochtaineacht a laghdú i dtithe gan obair, chun líon na ndaoine i mbochtaineacht sheasmhach sna teaghlaigh sin a laghdú.
- ➔ Beidh dhá tháscaire bhreise ann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na sprice.
  - 'i mbaol bheith beo bocht' (an pobal a bhfuil taithí acu ar dhíothú bunúsach agus a bhfuil ioncam acu atá idir 60 agus 70 faoin gcéad den mheánioncam
  - 'dianbhochtaineacht' (daoine atá faoi bhun an mheán 60% den tairseach ‘i mbaol bochtaineachta’ atá daingnithe ar luachanna 2010).
- ➔ Neartóidh na nithe seo a leanas cur chun feidhme na sprice:
  - measúnú ar thionchar na bochtaineachta a bheith mar chuid de mheasúnú chomhtháite neartaithe ar an tionchar sóisialta
  - tuarascáil mhonatóireachta bliantúil a tháirgeadh ar dhul chun cinn i leith na sprice le hionchur ó gheallsealbhóirí.




## Ráiteas ón Aire Coimirce Sóisialaí

**Ardaidhm bhunúsach de chuid shochaí na hÉireann is ea é bochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis ar deireadh. Soláthraíonn an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta pointe tagartha den scoth do bheartais rialtais agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thagarmharc chun dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach a thomhas. Roinneadh an ardaidhm sin le deireanas nuair a ghlac 27 ballstát an AE sprioc bhochtaineachta ceannlíne chun 20 milliún duine a ardú as baol na bochtaineachta nó an eisiaimh mar chuid de *Straitéis 2020 na hEorpa.***

**Tá taifead 15 bliana ag Éirinn, taifead atá ina údar éada ag tíortha eile, de bheith ag sroicheadh spriocanna bochtaineachta náisiúnta trí chreataí beartais ar nós an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016.* Cúis díomá is ea é gur tharla cúlú sa dul chun cinn i dtreo na sprice bochtaineachta náisiúnta, sna blianta 2009 agus 2010. Is léir an tionchar diúltach atá ag an méadú ar dhífhostaíocht, cé gur rud dearfach é go bhfuil ár gcóras leasa shóisialaigh ag soláthar cúisín in aghaidh na dtorthaí is measa ar an ngéarchéim gheilleagrach. Údar imní is ea é go bhfuil ualach míréireach bochtaineachta i gcónaí ar ghrúpaí áirithe seachas a chéile.**

**Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na sprice bochtaineachta náisiúnta d'aontaigh an Rialtas roinnt leasuithe agus feabhsúcháin ar an sprioc, a dtugtar ar sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta uirthi anois. Choimeád an Rialtas uaillmhian na sprice, d'ainneoin dhúshlán na staide geilleagraí. Bainfear an sprioc amach anois i dtréimhse sínte go dtí an bhliain 2020 ar aon dul le sprioc bhochtaineachta an AE. Socróidh an Rialtas fospriocanna den chéad uair chun bochtaineacht a laghdú i measc leanaí agus i dteaghlaigh gan obair. Rud eile de, tá an Rialtas ag neartú fheidhmiú na sprice sna ranna ar fad.**

**Tá an Rialtas, agus mé féin, mar Aire Coimirce Sóisialaí, tiomanta don bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis, faoi mar atá leagtha amach sa *Chlár Rialtais*. Táimid meáite ar chinntiú go gcosnófar na daoine sa tsochaí is lú atá go maith as ar an ngéarchéim gheilleagrach agus go dtugtar deis dóibh chun tairbhiú den téarnamh geilleagrach agus de dheiseanna nua fostaíochta. Táim ag tnúth le dul i mbun oibre leis na geallsealbhóirí ar fad chun an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, an sprioc leasaithe feabhsaithe, a chur i bhfeidhm.**




**Joan Burton, TD**
**Aire Coimirce Sóisialaí**

## Roinn 1: An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta

Rinne an Rialtas leasú agus feabhsú ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta, faoi mar a leagadh amach ar dtús é sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016.* Athainmníodh an sprioc 'an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta' chun béim a chur ar nádúr uile-rialtais na sprice agus ar an nasc idir é agus spriocanna náisiúnta eile ar nós spriocanna fostaíochta agus oideachais. Cuirtear an sprioc in iúl fós i dtéarmaí an táscaire le haghaidh bochtaineacht sheasmhach (féach Bosca 1).

Is é an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta ná bochtaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad faoin mbliain 2020, ó ráta bonnlíne de 6.2 faoin gcéad sa bhliain 2010.[2] Coimeádann an sprioc nádúr uaillmhianach na hiarsprice (laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht sheasmhach idir 2 agus 4 faoin gcéad faoin mbliain 2012 agus deireadh a bheith curtha léi faoin mbliain 2016 ó ráta bhonnlíne de 7 faoin gcéad sa bhliain 2005.) Chun staid reatha an gheilleagair a léiriú, glacann an sprioc an bhliain 2010 mar an bhliain bhonnlíne agus síntear an tréimhse ama do bhaint amach na sprice go dtí an bhliain 2020. Tá an tréimhse ama don sprioc náisiúnta ar aon dul anois le sprioc bhochtaineachta an AE (féach thíos). Léiríonn Figiúr 1 príomh-gharspriocanna agus tréimhse ama na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta (ciorcail/téacs dearg), i gcomparáid leis an iarsprioc (boscaí/téacs gorm).[3]


**Figiúr 1: An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta**




Tá athrú teicniúil déanta chomh maith sa mhéid is go gcuirtear an sprioc dheiridh in iúl anois mar 2 faoin gcéad nó faoina bhun. Bhí tagairt do 'dheireadh a chur le' sa sprioc bhunaidh, ach ní raibh aon slonn uimhriúil leis agus fadhb ab ea é sin chun críocha tomhais. Sholáthair an slonn '2 faoin gcéad nó faoina bhun' bonn staitistiúil urrúnta réalaíoch chun dul chun cinn i leith na sprice a thomhas.

**Bosca 1: An táscaire bochtaineachta seasmhaí agus a tháscairí comhpháirte**

Is é an táscaire bochtaineachta seasmhaí an forluí idir an dá tháscaire comhpháirte: 'i mbaol bochtaineachta' a thomhaiseann daoine aonair a bhfuil ioncam teaghlaigh faoin bhun 60 faoin gcéad den mheán acu, agus díothacht bhunúsach, a ghabhann daoine aonair a bhfuil 2 bhunriachtanas nó níos mó as 11 bhunriachtanas in easnamh orthu. Léiríonn bochtaineacht sheasmhach tuiscint ildiminsean ar bhochtaineacht, ar aon dul leis an sainiú oifigiúil:




*Tá daoine beo bocht má tá a n-ioncam agus a n-acmhainní (ábhartha, cultúrtha agus sóisialta) chomh híseal sin nach féidir leo caighdeán maireachtála a mheasann sochaí na hÉireann a bheith inghlactha a bheith acu. De dheasca ioncam agus acmhainní uireasacha a bheith acu d'fhéadfadh daoine a bheith eisiata agus imeallaithe ó bheith páirteach sna gníomhaíochtaí a mheastar a bheith ina norm sa tsochaí.*

Ceapadh an beart chun an daonra is mó atá i ngátar i dtéarmaí ioncam íseal agus easpa acmhainnní a aithint. Tomhaistear na táscairí le sonraí ó *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* na Príomh-Oifige Staidrimh.


## Rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE

Faoin *Straitéis 2020 na hEorpa,* ní mór do bhallstáit an AE sprioc bhochtaineachta náisiúnta a shocrú a rannchuideoidh le baint amach sprioc bhochtaineachta an AE (féach bosca 2).

Is é rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc an AE ná 200,000 ar a laghad a ardú as bheith i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh idir 2010 agus 2020. Bunaíodh an rannchuidiú sin ar laghdú i mbochtaineacht sheasmhach go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad faoin mbliain 2020 de réir na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta. Meastar go gciallóidh an sprioc seo go laghdófaí de 200,000 duine an daonra atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh. Leathnófar an laghdú sin trasna trí tháscaire i dtaca le bochtaineacht sheasmhach, bheith i mbaol na bochtaineachta agus bheith díothach go bunúsach. Tugann sprioc na hÉireann 1 faoin gcéad ar sprioc bhochtaineachta foriomlán an AE.


Taispeánann Figiúr 2 rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE, ag úsáid mar bhonnlíne an daonra a bhí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh sa bhliain 2010 (c. 1.4 milliún duine). Roimhe sin, i dtéarmaí an daonra a bhí beo bocht amháin a cuireadh rannchuidiú na hÉireann in iúl.

**Figiúr 2: Rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE (mílte)**



**Bosca 2: Sprioc bhochtaineachta agus táscairí an AE**

Is é sprioc bhochtaineachta an AE 20 milliún duine ar a laghad a ardú as bheith i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh faoin mbliain 2020 (le 2008 mar bhliain bhonnlíne). Ghlac an AE é mar cheann de chúig sprioc cheannlíne i *Straitéis 2020 na hEorpa.* Ní mór do na ballstáit spriocanna náisiúnta comhthreomhara a leagan amach mar shlí chun sprioc an AE a chomhlíonadh, ag úsaid táscairí náisiúnta nó spriocanna an AE. Saineofar spriocanna náisiúnta bunaithe ar na táscairí roghnaithe i dtéarmaí uimhriúla chun gur féidir iad a chomhbhailiú ar leibhéal an AE.




Sainíonn sprioc an AE a spriocdhaonra le trí tháscaire i dteannta a chéile: i mbaol bochtaineachta, díothacht ábhartha agus déine oibre an-íseal (féach bosca 3), grúpa a thuairiscítear mar ghrupa atá 'i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh'.

D'fhéadfaí tomhas inchomparáide ar dhaonra na hÉireann atá 'i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh' a fháil trí na táscairí náisiúnta i dtaca le bheith i mbaol na bochtaineachta, díothacht bhunúsach agus bochtaineacht sheasmhach a chomhcheangal. Gabhann an dá thomhas ilchodach figiúirí chomhchosúla daonra (idir 30 agus 32 faoin gcéad sa bhliain 2010) agus meastar go bhfuil forluí de 80 faoin gcéad idir an dá dhaonra, ag méadú go 100 faoin gcéad i gcás an daonra atá beo bocht.


## Fospriocanna maidir le laghdú na bochtaineachta i gcás leanaí agus teaghlach gan obair

D'aontaigh an Rialtas fospriocanna nua náisiúnta chun bochtaineacht a laghdú i measc leanaí agus i measc teaghlach gan obair. Aithníodh an dá ghrúpa sin san athbhreithniú ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta mar ghrúpa nár mhór aird ar leith a thabhairt orthu agus beartas á cheapadh, toisc an riosca méadaithe go mbeidís beo bocht agus a thábhachtaí atá siad i dtéarmaí an bheartais fhoriomláin shóisialta agus gheilleagraigh. Nascfar na fospriocanna nua leis an sprioc fhoriomlán, agus aontófar sonraí na bhfospriocanna i gcomhar leis na geallsealbhóirí lena mbaineann.

An fosprioc i dtaca le laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht leanaí ná an difreáil idir bochtaineacht sheasmhach i measc leanaí agus i measc daoine fásta a laghdú.

Taispeánann Figiúr 3 an ráta bochtaineachta seasmhaí do leanaí (8.2 faoin gcéad, diamant glas) i gcomparáid le ráta na ndaoine fásta (5.5 faoin gcéad, triantán gorm) sa bhliain 2010. Is ionann sin agus difreáil de 50 faoin gcéad i riosca bochtaineachta leanaí i gcomparáid le daoine fásta. Is i gcomhar leis an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta a bhainfear amach an sprioc maidir leis an difreáil idir leanaí agus daoine fásta a laghdú.

**Figiúr 3: An difreáil idir riosca na bochtaineachta seasmhaí i gcás leanaí agus i gcás daoine fásta sa bhliain 2010 agus an sprioc náisiúnta**





Is é an fosprioc maidir le laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht i dteaghlaigh gan obair ná líon na ndaoine atá beo bocht a laghdú sna teaghlaigh sin. Tomhaistear teaghlaigh gan obair de réir déine oibre an teaghlaigh (féach Bosca 3).

Taispeánann Figiúr 4 an cion den daonra a bhí beo bocht de réir déine oibre teaghlaigh sa bhliain 2010. Ba theaghlaigh déine oibre an-íseal dhá thrian díobh siúd a bhí beo bocht, rud a bhí nasctha leis an riosca mór go mbeidís beo bocht (24 faoin gcéad) mar a thaispeántar i bhFigiúr 4. Bhí 21 faoin gcéad eile den daonra i dteaghlaigh Ísealdéine oibre (arbh é 13% a ráta riosca bochtaineachta, ráta a bhí os cionn an mheáin). I gcomparáid leis sin, ní raibh ach 6 faoin gcéad de theaghlaigh ard-déine oibre beo bocht, rud a léirigh a ísle a bhí an riosca go mbeadh siadsan bocht.

Is i gcomhar leis an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta a bhainfear amach an sprioc i dtaca le cion an daonra bhoicht atá i dteaghlaigh an-íseal déine oibre.

**Figiúr 4: Cion an daonra a bhí beo bocht de réir déine oibre teaghlaigh sa bhliain 2010 agus an sprioc náisiúnta**




**Bosca 3: Déine oibre teaghlaigh a thomhas**

Tagraíonn déine obair teaghlaigh do chóimheas idir líon na míonna a d'oibrigh gach duine sa teaghlach sin atá in aois oibre sa bhliain roimhe sin agus líon iomlán na míonna a d'fhéadfadh baill an teaghlaigh sin a oibriú go teoiriciúil. Sainítear duine in aois oibre mar dhuine atá idir 18 agus 59 bliain d'aois, cé is moite de mhic léinn idir 18 agus 24 bliain d'aois. Cuirtear an tomhas maidir le déine oibre i measc daoine sa teaghlach atá in aois oibre i bhfeidhm i gcás gach linbh agus dalta atá ina chónaí sa teaghlach sin, cé is moite díobh siúd atá seasca bliain d'aois nó os a chionn.

Miondealaítear déine oibre i gcúig chatagóir: déine oibre an-íseal (< 20 faoin gcéad den am ar fad i mbun oibre), ísealdéine oibre (idir 20 agus 45 faoin gcéad), meándéine oibre (45 go 55 faoin gcéad), ard-déine oibre (55 go 85 faoin gcéad) agus déine oibre an-ard (> 85 faoin gcéad).


Tá táscaire ceaptha ag an AE do theaghlaigh a bhfuil déine oibre an-íseal acu, agus baintear úsáid as an táscaire sin chun an daonra atá 'i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh' a shainiú chun críocha sprioc bhochtaineachta an AE.

## Táscairí breise chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na sprice sóisialta

Tá dhá tháscaire bhreise roghnaithe ag an Rialtas chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta. Comhlánaíonn na táscairí sin na táscairí a bhí ann roimhe sin i dtaca le bochtaineacht sheasmhach, bheith i mbaol na bochtaineachta agus díothacht bhunúsach agus soláthraíonn siad cur chuige cisealta i leith na sprice. Gabhann na táscairí bhreise gnéithe den bhochtaineacht a bhaineann le baint amach na sprice bochtaineachta, cé nach ábhar sprice iad ann féin.

An chéad táscaire bhreise ná ‘bheith i mbaol na bochtaineachta seasmhaí’ (Figiúr 5). Aithníonn an táscaire seo an daonra atá buailte le díothacht bhunúsach agus a bhfuil ioncam acu atá idir 60 agus 70 faoin gcéad den mheán. Tá próifíl an ghrúpa seo cosúil le próifíl iad siúd atá beo bocht bunaithe ar an tairseach 60 faoin gcéad i mbaol na bochtaineachta. Beifear in ann sreafaí isteach agus amach as bochtaineacht sheasmhach a aithint leis an táscaire seo. Bhí 4 faoin gcéad den daonra i mbaol na bochtaineachta seasmhaí sa bhliain 2010.

**Figiúr 5: Táscaire i dtaca le bheith i mbaol na bochtaineachta seasmhaí**





An dara táscaire ná 'dearbh-bhochtaineacht'. Gabhann an táscaire seo an daonra atá faoi bhun tairseach bochtaineachta a bhfuil a luach préamhaithe i mbliain bhonnlíne ar leith (2010 sa chás seo) agus nár coigeartaíodh sna blianta dá éis, ach amháin ar mhaithe le boilsciú. Féadfar é a chur i gcomparáid le tairseach coibhneasta atá choigeartú ó bhliain go bliain.

Tomhas úsáideach is ea dearbh-bhochtaineacht ar threochtaí gearrthéarmacha i bhfíor-ioncam teaghlach ar ioncam íseal, go háirithe nuair a bhíonn éiginnteacht sa gheilleagar.

Taispeánann Figiúr 6 luach na dearbhtairsí i mbaol na bochtaineachta daingnithe i luachanna 2007. Cuirtear é sin i gcomparáid le tairseach coibhneasta athraitheach. Taispeánann sin go raibh an tairseach daingnithe níos airde ná an tairseach coibhneasta sa bhliain 2009 agus go háirithe sa bhliain 2010. De thoradh na tairsí a bheith níos airde, ba é 22 faoin gcéad an ráta dearbh-bhochtaineachta sa bhliain 2010 i gcomparáid le 15.8 faoin gcéad maidir leis an ráta i mbaol na bochtaineachta.

**Figiúr 6: Luach na dtairseach daingnithe agus coibhneasta i mbaol na bochtaineachta 2007-2010**



## Monatóireacht agus feidhmiú níos láidre i ngach roinn rialtais

Chomh maith le hathainmniú na sprice bochtaineachta mar sprioc sóisialta náisiúnta, tá feidhmiú na sprice neartaithe ag an Rialtas ar dhá phríomhshlí.

Baineann an chéad cheann le neartú a dhéanamh ar an measúnú ar thionchar na bochtaineachta[4] mar mheicníocht chun sprioc phríomhshrutha a dhéanamh den sprioc i ngach cuid den rialtas. Tá beartaithe, go háirithe, measúnú ar thionchar na bochtaineachta a bheith ina chuid dhílis de mheasúnú neartaithe ar an tionchar ar an tsochaí. As sin tá súil an beartas a bheith níos comhordaithe sa sféar sóisialta agus beartais an rialtais a bheith ag athneartú a chéile.

An dara beart ná socruithe rialta tráthúla córasacha a bheith ann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na sprice bochtaineachta náisiúnta, bunaithe ar thorthaí shuirbhé náisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh - *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* – le hionchur ó gheallsealbhóirí cuí.

## Roinn 2: Torthaí an athbhreithnithe ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta


Scrúdaigh an t-athbhreithniú ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta dul chun cinn i leith na sprice deiridh (2 go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2012 agus deireadh a bheith curtha leis faoin mbliain 2016), lenar áiríodh staid na ngrúpaí saolré agus na ngrúpaí leochaileacha. Tá cúlra an athbhreithnithe leagtha amach i mBosca 4.

### Dul chun cinn i leith na sprice

Rinneadh dul chun cinn neamhchothrom i leith na hiarsprice bochtaineachta náisiúnta idir 2005 agus 2010. Taispeánann Figiúr 7 gur thit an ráta dearbh-bhochtaineachta go leanúnach ó 7 faoin gcéad den ráta bonnlíne sa bhliain 2005 go dtí 4.2 d'íosphointe faoin mbliain 2008. Bhí an figiúr díreach lasmuigh de raon na sprice eatramhach de 2 go 4 faoin gcéad. Ach idir 2008 agus 2010 (na sonraí is déanaí) mhéadaigh an ráta bochtaineachta go 6.2 faoin gcéad, rud a d'aisiompaigh mórchuid den dul chun cinn a bhí déanta i leith na sprice ó bhliain bhonnlíne 2005.

San iomlán, tharla laghdú beag faoi bhun pointe céatadáin amháin (11 faoin gcéad i dtéarmaí coibhneasta) sa chéad tréimhse chúig bliana do bhaint amach na hiarsprice. Ag féachaint ar aghaidh, léiríonn toradh na bliana 2010 bearna de dhá phointe céatadáin a chaithfear a thrasnú roimh an bhliain 2012 má táthar leis an bpointe níos airde i raon na sprice idirthréimhsí a bhaint amach. Toisc gur treocht in airde a bhí ann idir na blianta 2008 agus 2010 agus toisc nár tháinig aon fheabhas ar dhálaí geilleagracha idir 2010 agus 2012 ba é an tuairim dheireanach nár dhócha go mbainfí amach an iarsprioc idirthréimhseach faoin mbliain 2012.

**Figiúr 7: Dul chun cinn i leith na hiarsprice bochtaineachta náisiúnta 2005-2010**





## Dul chun cinn na ngrúpaí saolré

Taispeántar i bhFigiúr 8 an dul chun cinn i leith na sprice bochtaineachta deiridh i gcás na gceithre ghrúpa saolré a aithníodh sa *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta,* i gcomparáid leis an daonra iomlán.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach i leith na sprice i dtaca le daoine scothaosta, cé gur thosaigh sé ó ráta bonnlíne 2005 3 faoin gcéad, ráta a bhí laistigh de raon na hiarsprice. Tá an ráta tite go leanúnach ó shin agus tá sé anois faoin bhun a haon faoin gcéad, rud a chuireann i bhfios gur baineadh amach go staitistiúil an sprioc i dtaobh deireadh a bheith curtha le dearbh-bhochtaineacht i gcás daoine scothaosta.

**Figiúr 8: Dul chun cinn i leith na hiarsprice bochtaineachta náisiúnta do ghrúpaí saolré.**




I gcás leanaí, rinneadh dul chun cinn suntasach i leith na sprice suas go dtí an bhliain 2008; thit an ráta bonnlíne 11 phointe dhéag go 6 faoin gcéad. Aisiompaíodh an dul chun cinn sin idir 2008 agus 2010, nuair a mhéadaigh an ráta go 8 faoin gcéad, ar aon dul leis an treocht fhoriomlán, rud a d'fhág leanaí go maith lasmuigh den sprioc idirthréimhseach.[5]


Rinneadh dul chun cinn suntasach, leis, i dtaca le riosca bochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas,[6] le titim shuntasach ó 14 faoin gcéad go faoi bhun 8 faoin gcéad idir na blianta 2005 agus 2008. Tá rudaí imithe in olcas beagán ó shin.

Tá gaol láidir idir dul chun cinn i dtaca le daoine in aois oibre (nach dtaispeántar i bhFigiúr 8) agus dul chun cinn i dtaca leis an daonra trí chéile.

## Staid na ngrúpaí leochaileacha

Is mó an baol bochtaineachta i gcás grúpaí áirithe den daonra ná a chéile. Tá sé tábhachtach mar sin monatóireacht a dhéanamh ar staid na ndaoine agus na dteaghlach leochaileach sin. Taispeánann Figiúr 9 an riosca bochtaineachta agus an cion den daonra bocht i gcás grúpaí leochaileacha áirithe sa bhliain 2010.[7]

**Figiúr 9: An staid bhochtaineachta i gcás grúpaí leochaileacha sa bhliain 2010**




Ag féachaint ar an gcéad dul síos ar thréithe aonair, sheas bochtaineacht leanaí ag 8.2 faoin gcéad agus ba é 36 faoin gcéad a gcion den daonra beo bocht. Ba é 15.2 faoin gcéad an ráta bochtaineachta seasmhaí i gcás daoine dífhostaithe agus 13 faoin gcéad i gcás daoine dífhostaithe a bhí breoite/faoi mhíchumas. I dteannta a chéile b'ionann agus 28 faoin gcéad den daonra beo bocht na grúpaí sin.


Ag féachaint anois ar thréithe teaghlaigh, bhí an ráta bochtaineachta i gcás daoine i dteaghlaigh aontuismitheora os cionn an mheáin ag 9.3 faon gcéad agus ba é 11.1 faoin gcéad a gcion den daonra beo bocht. Ráta bochtaineachta seasmhaí de 14.5 faoin gcéad a bhí ag daoine i dteaghlaigh gan obair (breis is dhá oiread an mheáin) agus b'ionann iad agus 69 faoin gcéad den daonra beo bocht. Ar an tslí chéanna, bhí ráta ard bochtaineachta (16 faoin gcéad) ag daoine a chónaigh i dtithíocht shóisialta ar cíos agus b'ionann agus 37.9 iad den daonra beo bocht.

Taispeánann an athbhreithniú an ríthábhachtach líon na ndaoine seo atá beo bocht a laghdú mar chuid den sprioc bhochtaineachta náisiúnta.

## Dul chun cinn ar rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc an AE

Bunaithe ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta dheiridh, measadh gurbh é rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE 186,000 daoine a ardú as baol na bochtaineachta nó an eisiaimh, de réir an táscaire bochtaineachta seasmhaí. Taispeántar an dul chun cinn i leith na sprice sin ó 2008 go 2010 (bliain bhonnlíne an AE) i bhFigiúr 10. Mhéadaigh an daonra beo bocht ó 186,000 go 277,000 (líne dhearg sholadach), arb ionann é agus 50 faoin gcéad nach mór ar bhonnlíne na bliana 2008. Bhíothas ag súil le méadú dá shórt sa bhochtaineacht ó dúradh sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta 2011 'sna blianta luath d'fhéadfaí líon níos lú daoine a ardú as an mbochtaineacht nó d'fhéadfadh na huimhreacha dul i méid fiú'. Aibhsíonn an treocht sin nádúr uathúil na bliana 2008 mar an mbliain bhonnlíne.

**Figiúr 10: Dul chun cinn ar rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE 2008-10 (mílte)[8]**




Taispeántar, leis, i bhFigiúr 10 treochtaí i spriocdhaonra an AE atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh, ag úsáid táscairí an AE (líne dhearg) agus táscairí Éireannacha (líne ghlas) araon. Taispeánann an dá thomhas méadú in uimhreacha de idir 300,000 go 400,000 idir 2008 agus 2010. I gcomparáid leis

na treochtaí bochtaineachta seasmhaí, is lú go mór an méadú i ndaoine atá beo bocht ná sa daonra atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh.

**Bosca 4: Athbhreithniú ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta**

Thionscain an Rialtas athbhreithniú ar an sprioc bhochtaineachta náisiúnta sa bhliain 2011. Is é cuspóir an athbhreithnithe a chumasú don Rialtas spriocanna cuí insroichte a shocrú i dtaca le bochtaineacht náisiúnta chun rannchuidiú na hÉireann i leith sprioc bhochtaineachta an AE agus na gealltanais sa Chlár Rialtais a chomhlíonadh.

An tAire Coimirce Sóisialaí a bhí freagrach as an athbhreithniú agus ba í an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí a rinne an t-athbhreithniú.

Ar théarmaí tagartha an athbhreithnithe bhí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith na sprice, scrúdú ar tháscairí bochtaineachta, athbhreithniú ar chleachtas agus ar bheartas an AE, agus measúnú ar spriocanna todhchaí i bhfianaise na dtosca geilleagracha.

I gceist san athbhreithniú bhí comhairliúchán fairsing poiblí agus caidreamh le geallsealbhóirí. Chun tacú leis an athbhreithniú d'ullmhaigh an ESRI páipéar teicniúil ar tháscairí bochtaineachta agus óstáladh athbhreithniú piaraí AE ar spriocanna bochtaineachta náisiúnta i gcomhar le ballstáit agus le geallsealbhóirí Eorpacha. Gheofar tuarascáil an athbhreithnithe agus na ceithre aguisín a ghabhann leis ag www.socialinclusion.ie.

Ag éirí as moltaí an athbhreithnithe, leasaigh agus d'fheabhsaigh an Rialtas an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, faoi mar a thuairiscítear i Roinn 1 den mhionteagasc.

## Fo-nótaí

[i] An Roinn Coimirce Sóisialaí (2012), *Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta*, ar fáil ag www.socialinclusion.ie

[2] Bunaíodh na sonraí a úsáideadh sa mhionteagasc agus sna figiúir ar *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* na Príomh-Oifige Staidrimh agus ar a leagan AE arna ullmhú ag Eurostat.

[3] Chun críocha tomhais, cuirtear an sprioc maidir le deireadh a chur le bochtaineacht sheasmhach in iúl i dtéarmaí 0 go 2 faoin gcéad.

[4] Sin an próiseas ina mbreithnítear ag céimeanna an dearaidh agus an athbhreithnithe an tionchar atá ag beartas ar chúrsaí bochtaineachta.

[5] Tá nótáilte ag an Phríomh-Oifig Staidrimh nár athruithe suntasacha ó thaobh staitisticí de cuid de na hathruithe i mbochtaineacht sheasmhach sa tréimhse 2009 go 2010.

[6] Is é an sainmhíniú ar dhaoine faoi mhíchumas an daonra atá 16 bliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil teorainn shuntasach lena ngníomhaíocht. Tuairiscítear ráta dearbh-bhochtaineachta atá beagán níos ísle i gcás daoine a bhfuil teorainn shuntasach lena gcuid gníomhaíochta (7.4 faoin gc éad sa bhliain 2010).

[7] Tá grúpaí leochaileacha eile ann a fhulaingíonn cineálacha dianbhochtaineachta, m.sh. daoine gan dídean agus Taistealaithe. Ach níl teacht againn ar shonraí comparáideacha i dtaca lena staid ó thaobh bochtaineachta de.

[8] Baineadh na meastacháin ar dhaonra ó Bhanc Staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh ag: http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Statire/SelectVarVal/Define.asp?maintable=PEA11&PLanguage=0. Leasófar na meastacháin daonra don bhliain 2007-2011 chun na figiúir a foilsíodh i nDaonáireamh 2011 a chur san áireamh.